**Fodhlíthe Chomhairle Contae Chiarraí**

**Fodhlíthe Trá 2022**

Ghlac Comhairle Contae Chiarraí le Fodhlíthe Tránna athbhreithnithe in 2022. Baineann siad le limistéir atá faoi rialú agus faoi bhainistíocht na Comhairle ag na tránna atá liostaithe sna fodhlíthe, agus mar atá léirithe sna léarscáileanna ábhartha. Níl feidhm ag na fodhlíthe, go ginearálta, maidir le maoin phríobháideach ná le haon charrchlóis ná bóithre poiblí i gcóngar na dtránna atá i gceist. Tá cóip de na fodhlíthe agus na léarscáileanna cuí le fáil thíos.

Seo a leanas roinnt de na saincheisteanna a chuimsítear sna fodhlíthe:

<u>Rialú Madraí :</u>

D'fhonn téarmaí agus coinníollacha na scéime idirnáisiúnta maidir leis an mBratach Ghorm a chomhlíonadh, bhí ar Chomhairle Contae Chiarraí rialuithe teoranta áirithe ar mhadraí a thabhairt isteach ag an Trá Brait Ghoirm seo. Níl na rialuithe seo i bhfeidhm ach amháin i rith an tséasúir shnámha ainmnithe (1ú Meitheamh go dtí an 15ú Meán Fómhair gach. bliain) agus ní bhaineann siad ach le cuid na Brataí Goirme de na tránna seo, an limistéar idir bratacha an Gharda Tarrthála de ghnáth. Dá réir sin, ní cead madraí (ach amháin madraí treoracha agus madraí cuidithe) a thabhairt isteach ar chuid na Brataí Goirme den trá seo mar a leanas i rith na n-amanna seo a leanas :

- 11r.n. go dtí 7i.n. gach lá (1ú Meitheamh go dtí an 15ú Meán Fómhair amháin): Baile an Bhuinneánaigh Thuaidh, Baile an Bhuinneánaigh Theas, Baile Uí Thaidhg, An Bheannach, an Fhianait, An Machaire Beag, Ceann Trá, Inse, Ros Beithe, an Trá Bhán, Cathair Saidhbhín, Baile an Sceilg agus Doire Fhíonáin.
- 12 meánlae go 6i.n. gach lá (1ú Meitheamh go dtí 15ú Meán Fómhair amháin) : Trá Chuan na gCeall

Ní bhaineann na rialuithe seo le carrchlóis ná le cosáin phoiblí ar bith ag an trá seo. Ina theannta sin, níl feidhm ag na rialuithe maidir le haon chuid den trá atá lasmuigh den limistéar Bratach Ghorm ainmnithe . Is féidir teacht ar léarscáileanna de Thránna Brait Ghoirm Chiarraí thíos, a thaispeánann fairsinge cheantar na Brataí Goirme ar gach trá.

Nuair is féidir, ainmneoidh Comhairle Contae Chiarraí "trébhealaí" cuí ag ár dtránna Brait Ghoirm chun rochtain a sholáthar d'úinéirí madraí ar cheantair lasmuigh den chuid Bratach Ghorm ainmnithe. Aithneofar na trébhealaí seo trí chomharthaíocht eolais chuí. Ba chóir d'úinéirí madraí a gcuid madraí a choinneáil ar iall an t-am ar fad agus iad ag úsáid na trébhealaí seo.

Cuirtear fáilte roimh mhadraí i gcónaí ar gach trá eile i gContae Chiarraí a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu, ach ní mór iad a choinneáil faoi smacht éifeachtúil agus ní mór d'úinéirí glanadh suas i ndiaidh a gcuid peataí.

<u>Rialú Capall :</u>

Tá rialuithe breise áirithe tugtha isteach ag Comhairle Contae Chiarraí do chapaill ag roinnt tránna i gContae Chiarraí. Níl na rialuithe seo i bhfeidhm ach amháin i rith an tséasúir shnámha ainmnithe (1ú Meitheamh go dtí an 15ú Meán Fómhair gach. bliain) agus ní bhaineann siad ach le cuid na Brataí Goirme de na tránna seo, an limistéar idir bratacha an Gharda Tarrthála de ghnáth. Dá réir sin, ní cead capaill a thabhairt isteach i gcuid na Brataí Goirme de na tránna sin mar a leanas i rith na n-amanna seo a leanas:

- 11r.n. go dtí 7i.n. gach lá (1ú Meitheamh go dtí an 15ú Meán Fómhair amháin): Baile an Bhuinneánaigh Thuaidh, Baile an Bhuinneánaigh Theas, Baile Uí Thaidhg, An Bheannach, an

Fhianait, An Machaire Beag, Ceann Trá, Inse, Ros Beithe, an Trá Bhán, Cathair Saidhbhín, Baile an Sceilg agus Doire Fhíonáin.

Is féidir teacht ar léarscáileanna de Thránna Brait Ghoirm Chiarraí thíos, a thaispeánann fairsinge cheantar na Brataí Goirme ar gach trá.

Féadfaidh capaill dul isteach ar gach trá eile i gContae Chiarraí a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu, ach ní mór iad a choinneáil faoi smacht oiriúnach, áfach, agus ní mór d'úinéirí aon phóiríní a bhaint. Ina theannta sin, níl aon tionchar ag na rialuithe ar imeachtaí traidisiúnta amhail rásaí trá, atá faoi réir údaruithe malartacha.

Míreanna eile :

I measc na nithe eile a chlúdaítear faoi na fodhlíthe, tá na nithe seo a leanas :

- Is cion é géilleadh do threoir ó Gharda Tarrthála nó cur isteach ar aon seirbhís Garda Tarrthála;
- Tá srianta i bhfeidhm maidir le tinte a lasadh i limistéir agus i gcásanna áirithe;
- Cosc ar úsáid feistí uisce inséidte áirithe, amhail aerthochtanna agus bréagáin uisce inséidte, ag tránna;
- Cosc ar champáil thar oíche agus ar chóiríocht ag tránna áirithe;
- Cosc ar úsáid feithiclí ar thránna áirithe;
- Ceanglas chun cead a fháil chun earraí agus seirbhísí a dhíol ag tránna.

Má sháraítear na fodhlíthe, d'fhéadfaí Fógra Íocaíochta Seasta €75 a thabhairt nó, d'fhéadfaí go mbeadh gníomh cúirte mar thoradh air.

## Fodhlíthe Árthaí Áineasa agus Scairdscútair Phearsanta 2022

Ghlac Comhairle Contae Chiarraí le Fodhlíthe leasaithe Árthaí Áineasa agus Scairdscútair Phearsanta in 2022. Clúdaíonn siad úsáid feithiclí scairdsciála agus árthaí áineasa beaga ag roinnt tránna agus uiscebhealaí intíre i gContae Chiarraí.

Tá cóip de na fodhlíthe agus na léarscáileanna cuí le fáil thíos.

I measc na nithe eile a chlúdaítear faoi na fodhlíthe, tá na nithe seo a leanas :

- Cosc ar úsáid feithiclí scairdsciála agus scairdscútair phearsanta laistigh de 300 méadar ó imeall na n-uiscí ag na tránna seo a leanas :Baile an Sceilg, Baile an Bhuinneánaigh Thuaidh, Baile an Bhuinneánaigh Theas, Baile Uí Thaidhg, An Bheannach, Doire Fhionnáin, an Fhianait, Cuan na gCeall, An Machaire Beag, Ros Beithe, Ceann Trá agus an Trá Bhán, Cathair Saidhbhín;
- Ceanglas chun gaireas snámhachta pearsanta a chaitheamh agus feithiclí scairdsciála agus scairdscútair phearsanta pearsanta á n-oibriú;
- Cosc ar úsáid feithiclí scairdsciála ar na lochanna seo a leanas: Loch Coiteáin, Loch Cárthaí, Loch Luíoch agus Loch Gile.

Má sháraítear na fodhlíthe, d'fhéadfaí Fógra Íocaíochta Seasta €75 a thabhairt nó, d'fhéadfaí go mbeadh gníomh cúirte mar thoradh air.

# Kerry County Council Bye-Laws

## Beach Bye-Laws 2022

Kerry County Council adopted revised Beach Bye-Laws in 2022. They apply to areas which are under the control and management of the Council at the beaches listed in the bye-laws, and as shown in the relevant maps. The bye-laws do not, in general, apply to private property or to any car-parks or public roads in the vicinity of the beaches in question. A copy of the bye-laws and the relevant maps can be accessed below.

Some of the issues covered by the bye-laws include the following :

Control of Dogs :

In order to meet the terms and conditions of the international Blue-Flag scheme, Kerry County Council has had to introduce certain limited controls on dogs at our Blue-Flag Beaches. These controls apply only during the designated bathing season (1st June to 15th September each year) and only to the Blue-Flag part of these beaches, typically the area between the Lifeguard flags. Accordingly, during the following times dogs (with the exception of guide dogs and assistance dogs) may not be brought onto the Blue Flag section of these beaches as follows -

- 11am to 7pm each day (1st June to 15th September only) : Ballybunnion North, Ballybunnion South, Ballyheigue, Banna, Fenit, Maharabeg, Ventry, Inch, Rossbeigh, White Strand Caherciveen, Ballinskelligs and Derrynane.
- 12 noon to 6pm each day (1st June to 15th September only) : Kells Bay Beach

These controls do not apply to any carparks or public footpaths at these beach. In addition, the controls do not apply to any section of the beach which is outside of the designated Blue-Flag area. Maps of Kerry's Blue-Flag Beaches can be accessed below, which show the extent of the Blue-Flag area at each beach.

Where possible, Kerry Council will designate appropriate "throughways" at our Blue-Flag beaches in order to provide access for dog-owners to areas beyond the designated Blue-Flag section. These throughways will be identified by appropriate information signage. Dog-owners should keep their dogs on a leash at all times while using these throughways.

Dogs are welcome at all times on all other publicly-accessible beaches in County Kerry, however, they must be kept under effectual control and owners must clean up after their pets.

Control of Horses :

Kerry County Council has introduced certain additional controls for horses at some beaches in County Kerry. These controls apply only during the designated bathing season (1st June to 15th September each year) and only to the Blue-Flag part of these beaches, typically the area between the Lifeguard flags. Accordingly, during the following times horses may not be brought onto the Blue Flag section of these beaches as follows -

- 11am to 7pm each day (1st June to 15th September only) : Ballybunnion North, Ballybunnion South, Ballyheigue, Banna, Fenit, Maharabeg, Ventry, Inch, Rossbeigh, Kells Bay, White Strand Caherciveen, Ballinskelligs and Derrynane.

Maps of Kerry's Blue-Flag Beaches can be accessed below, which show the extent of the Blue-Flag area at each beach.

Horses may access all other publicly-accessible beaches in County Kerry, however, they must be kept under suitable control and owners must remove any droppings. In addition, the controls do not impact on traditional events such as beach race meets, which are subject to alternative authorisations.

Other Items :

Among the other items covered under the bye-laws are the following :

- It is an offence to fail to comply with an instruction from a Lifeguard or to interfere with any Lifeguard service;
- Restrictions apply on the lighting of fires in certain areas and situations;
- A ban on the use of certain inflatable water devices, such as lilos and inflatable water toys, at beaches;
- A ban on overnight camping and accommodation at certain beaches;
- A ban on the use of vehicles on certain beaches;
- A requirement to obtain a permit for the sale of goods and services at beaches.

Breaches of the bye-laws may result in a Fixed Payment Notice of €75 or, potentially, court action.

## Recreational Craft and Personal Watercraft Bye-Laws 2022

Kerry County Council adopted revised Recreational Craft and Personal Watercraft Bye-Laws in 2022. They cover the use of jet-skis and small recreational craft at a number of beaches and inland waterways in County Kerry.

A copy of the bye-laws and the relevant maps can be accessed below.

Among the items covered under the bye-laws are the following :

- A ban on the use of jet-skis and personal watercraft within 300 metres of the waters edge at the following beaches :Ballinskelligs, Ballybunnion North, Ballybunnion South, Ballyheigue, Banna, Derrynane, Fenit, Kells Bay, Maharabeg, Rossbeigh, Ventry and White Strand Caherciveen;
- A requirement to wear a personal flotation device while operating jet-skis and personal watercraft;
- A ban on the use of jet-skis on the following lakes : Lough Guitane, Caragh Lake, Lough Currane and Lough Gill.

Breaches of the bye-laws may result in a Fixed Payment Notice or, potentially, court action.